## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Fraincis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

# FRAINCIS – GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

Tabhair ar aird, le do thoil, agus na freagraí sa scéim mharcála seo á gcur ar fáil, go bhfuil feidhm leis na gnásanna seo a leanas:

- áit a bhfuil freagraí atá inghlactha liostaithe ar línte ar leithligh, cuirtear fleasc (-) roimh gach ceann acu
- úsáidtear slais (/) chun a léiriú go mbronntar an marc céanna as an bhfocal nó as an nath cainte atá roimhe agus a bhronntar as an bhfocal nó as an nath cainte atá ag teacht ina dhiaidh
- cuirtear réiltín (*) roimh fhreagraí atá neamhiomlán nó nach bhfuil go hiomlán ceart agus bíonn siad eangaithe
- cuirtear lúibíní cruinne thart ar fhocail nó ar fhrásaí nach bhfuil riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.

Ní gá d'iarrthóirí an fhoclaíocht dhíreach atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo do Cheist 1, Ceist 2, Ceist 3 (8), Ceist 4 (8), agus don Triail Chluastuisceana a thabhairt. Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach ach an bhrí chéanna a chur in iúl.

## ROINN I (160 marc)

**Ceist 1 – 40 marc**

**1. (i) & (ii)** Glac le h**aon ceann** de na pointí cearta seo a leanas: 4 + 4 mharc

- An teach a mhaisiú (le drualus)
- An tráthnóna a chaitheamh le cairde (sa bhaile nó i mbialanna)
- Dul chuig bialanna
- Ag meán oíche bailíonn siad sna sráideanna le buidéal seaimpéine
- Bliain Nua faoi mhaise a ghuí ar a chéile
- Dul amach sna sráideanna le seaimpéin
- Seaimpéin a bheith acu / a ól
- Ag meán oíche, tagann daoine le chéile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | - | Bonn / Airgead | 4 mharc |
| **3.** | - | Croíthe dearga / rósanna | 4 mharc |
| | | * Croíthe / bláthanna | 3 mharc |
| **4.** | - | Seodra | 4 mharc |

**5.(i) & (ii)** Aon **ceann** de na pointí seo a leanas: 4 + 4 mharc

- Paráid mhíleata (mhór) / taispeántas (ar an Champs-Élysées, Páras)
- Tinte ealaíne (taibhseacha) (i ngach áit sa tír)
- Damhsaí / báil (a bhfuil an-tóir orthu) (á n-eagrú sna bailte)

  * Paráid — 2 mharc

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | - | An Chéad Chogadh Domhanda | 4 mharc |
| | | * An Chéad Chogadh / Cogadh Domhanda | 2 mharc |
| **7.** | - | Cailíní (óga), in aois 25, nach bhfuil pósta | 4 mharc |
| | | * Cailíní nach bhfuil pósta | 3 mharc |
| | | * Cailíní 25 bliain d'aois | 3 mharc |
| **8.** | - | Hata (mór millteach glas agus buí) | 4 mharc |

**<u>Ceist 2 – 40 marc</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | Rinneadh réigiún / rannóg (oifigiúil) de chuid na Fraince de Mayotte | 4 mharc |
| | | * Mayotte ina cuid den Fhrainc / saoránaigh den Fhrainc | 3 mharc |
| **2.** | - | Damhsa (traidisiúnta do mhná) (ón Mayotte) | 4 mharc |
| **3.** | - | Níl aon dífhostaíocht i gceist leis | 4 mharc |
| **4.** | - | Iascaireacht | 4 mharc |
| **5.** | **Ceachtar** díobh seo a leanas: | | 4 mharc |
| | - | Criosanna | |
| | - | Málaí láimhe leathair | |
| | | * Málaí láimhe / málaí | 3 mharc |
| | | * Sacanna | 2 mharc |
| **6. (i) & (ii)** | | Glac le h**aon cheann** de na pointí cearta seo a leanas: | 4 + 4 mharc |
| | - | (An) f(h)arraige the | |
| | - | Bia sláintiúil | |
| | - | An Óige / daoine óga | |
| | | * (An) f(h)arraige / bia | 2 mharc |
| **7. (i) & (ii)** | | Glac le h**aon cheann** de na pointí cearta seo a leanas: | 4 + 4 mharc |
| | - | (Na h)éin | |
| | - | (Na) moncaithe | |
| | - | (Na) bailte | |
| | | * Níl na sráidbhailte glan | 3 mharc |
| | | * Níl sé (an-)g(h)lan | 3 mharc |
| **8.** | - | Tumadóireacht (scúba / domhainfharraige) | 4 mharc |

**Ceist 3 – 40 marc**

Ná gearr níos mó ná 2 mharc mar phionós as ábhar nach mbaineann le hábhar.
N.B. Má fhreagraítear na ceisteanna 1-7 trí Bhéarla/Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.

**1. (i)** - (la) psychologie — 4 mharc

**(ii)** - (la) sociologie — 4 mharc

**2.** - Le succès a été immédiat / il y a eu une explosion de vues sur YouTube — 4 mharc

* Des producteurs se sont alors intéressés à moi — 2 mharc

**3.** **-** (Au début, quand des fans le reconnaissaient dans la rue), il refusait de faire des photos — 2 mharc

* Au début…….des photos — 1 mharc

**4.** - Il vivait à la caserne — 4 mharc

* ça lui suffisait pour manger — 3 mharc

**5. (i) & (ii)**

Aon **dá cheann** díobh seo a leanas: — 4 + 4 mharc

- (Il a acheté) une (petite) maison (à Rouen)
- (Il a acheté) une voiture (de luxe) / une BMW
- Des vacances (en Afrique)

**6.** **Ceachtar** díobh seo a leanas: — 2 mharc

- Elle ne voulait pas qu'il fasse de musique
- Pour le protéger

* Elle ne voulait….protéger — 1 mharc

**7.** - (c) — 4 mharc

**8. (i) & (ii)** Glac le h**aon cheann** de na pointí cearta seo a leanas: 4 + 4 mharc

- Is é Kevin Bonnet an t-ainm ceart atá air, ach roghnaigh sé an t-ainm Keen'V.
- Ní raibh sé ag staidéar ar feadh i bhfad / Rinne sé staidéar ar an tsíceolaíocht agus ar an tsocheolaíocht ar an ollscoil.
- Bhí cleachtadh aige maireachtáil gan mórán.
- B'fhear dóiteáin a bhí ann / bhíodh sé ina chónaí sa bheairic.
- Níor thuil sé ach €300 sa mhí.
- Níor labhair sé lena mháthair ar feadh bliana.
- Níl cailín aige faoi láthair.
- Ba mhaith leis casadh le duine éigin agus leanaí a bheith aige.
- Is fearr leis cailíní a bhfuil gruaig dhonn orthu / cailíní éirimiúla / cailíní le hacmhainn grinn.

**Glac le pointe bailí ar bith más féidir cruthú ón téacs a chur leis.**
**Bronn 2 mharc má tá cuid den fhreagra ceart.**

**Ceist 4 – 40 marc**

Ná gearr níos mó ná 2 mharc mar phionós as ábhar nach mbaineann le hábhar.
N.B. Má fhreagraítear na ceisteanna 1-7 trí Bhéarla/Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | (Diane / elle regarde) un dessin animé | 4 mharc |
| **2.** | - | Maman y est assise / en train de faire une liste des nounous de la ville | 4 mharc |
| | | * assise | 2 mharc |
| **3.** | | Aon **cheann amháin** díobh seo a leanas: | 4 mharc |
| | - | (Se) passe / demande / est / trouve / a / garde / peut / travaille<br>(Lúide 1 mharc do gach mír nach mbaineann le hábhar, e.g. *je demande* = 3 mharc) | 4 mharc |
| **4. (i)** | - | Le mercredi (matin) | 4 mharc |
| **(ii)** | - | Le samedi (matin) | 4 mharc |
| | | * deux demi-journées par semaine | 3 mharc |
| **5.** | - | Sa mère / maman / elle mord sa lèvre | 4 mharc |
| **6.** | - | Elle veut lui montrer ses dessins | 4 mharc |
| | | * Sandrine va signer ses bandes dessinées (à la librairie) | 2 mharc |
| | | * ça fait deux ans qu'elle attend de la rencontrer | 2 mharc |
| | | * elle va signer ses bandes dessinées (à la librairie) | 1 mharc |
| **7.** | - | (b) | 4 mharc |

**8. (i) & (ii)** Glac le h**aon cheann** de na pointí cearta seo a leanas: 4 + 4 marc

Diane:

- Tá sí míréasúnta mar nach gcabhróidh sí lena máthair an 30 Bealtaine.
- Tá sí míréasúnta mar go ndiúltaíonn sí dul i bhfeighil linbh an 30 Bealtaine.
- Tá sí míréasúnta mar go ndeir sí go gcaithfidh sí bualadh leis an ealaíontóir an 30 Bealtaine.
- Níl sí míréasúnta mar go bhfuil sí ag fanacht le dhá bhliain anuas le bualadh leis an ealaíontóir cáiliúil seo.
- Níl sí míréasúnta mar tá sí sásta cúnamh a thabhairt dá máthair feighlí eile a fháil.

Máthair:

- Tá sí míréasúnta mar go bhfuil sí ag súil go gcuirfidh Diane a pleananna le bualadh leis an ealaíontóir ar ceal.
- Tá sí míréasúnta mar nach gcuireann sí pleananna Diane san áireamh.
- Níl sí míréasúnta mar ba cheart go gcabhródh Diane níos mó lena máthair.
- Níl sí míréasúnta mar gur féidir le Diane dul chun an t-ealaíontóir a fheiceáil am éigin eile.
- Níl sí míréasúnta mar nach bhfeiceann sí rogha ar bith eile.

**Glac le pointe bailí ar bith más féidir cruthú ón téacs a chur leis.**
**Bronn 2 mharc má tá cuid den fhreagra ceart.**

## ROINN II (60 marc)

Dhá thriail scríbhneoireachta ar **30 marc an ceann**. Ní ceadmhach d'iarrthóirí ach triail **amháin** a roghnú as gach ceann de na foranna A, B, C.

**Roinn A**

**(a) Na Bearnaí a líonadh – 30 marc**

10 mbearna ar **3 mharc an ceann**

Má dhéantar athscríobh míchúramach, aicinn san áireamh, **bain 1 mharc.** Glac le ceannlitreacha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | avec | 6. | deux |
| 2. | grande | 7. | romans |
| 3. | demandé | 8. | librairie |
| 4. | jouer | 9. | poche |
| 5. | membre | 10. | aimes |

**OU / NÓ**

**(b)**

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 1, 2, 3, 4, 5: | | 2 mharc an ceann = 10 marc |
| Ceist 1 | - | Sloinne – glac le sloinne réasúnta ar bith |
| Ceist 2 | - | Ainm Baiste – glac le hainm baiste réasúnta ar bith |
| Ceist 3 | - | Aois – glac le haois réasúnta ar bith |
| Ceist 4 | - | Teanga(cha) a labhraítear – teanga amháin inghlactha do mharcanna iomlána |
| Ceist 5 | - | Tagairtí do dheartháir(eacha) agus deirfiúr(acha) araon ag teastáil anseo |
| Ceist 6 – 9: | - | Iad a cheartú mar aonad = 20 marc. |

4 thasc cumarsáide @ 3 mharc an ceann = 12 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 2 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 3 | - | an teachtaireacht soiléir. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

N.B. Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as sainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

**<u>Teanga 8 Marc</u>**

1ú Catagóir

0 – 2
- Formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart;
- Litriú mícheart ar fhormhór na bhfocal;
- Gan tuiscint ar shainréim teanga.

2ú Catagóir

3 – 5
- Foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart;
- Raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith;
- Leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart;
- Tuiscint éigin ar shainréim teanga.

3ú Catagóir

6 – 8
- Foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí;
- Raon an stóir focal an-mhaith;
- Na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart;
- Tuiscint mhaith ar shainréim teanga.

**Roinn B – Teachtaireacht / Cárta Poist**

**(a) Teachtaireacht – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Déan neamhaird den leagan amach.

Fág an **teachtaireacht** seo a leanas do do chara Marc / Rosine a bhfuil tú ag fanacht leis / léi in Cannes. Abair:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Go bhfuil tú imithe cois farraige / le do chairde. |
| C2 | - | Go bhfuil an ghrian ag taitneamh / agus go bhfuil sé an-te. |
| C3 | - | Go mbeidh tú ar ais don dinnéar / ag a 7 a chlog. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2)**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Catagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | - | an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 15 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| 0 – 5 | - | Formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart; |
| | - | Litriú mícheart ar fhormhór na bhfocal; |
| | - | Gan tuiscint ar shainréim teanga. |
| 6 – 10 | - | Foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart; |
| | - | Raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith; |
| | - | Leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart; |
| 11 – 15 | - | Foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí; |
| | - | Raon an stóir focal an-mhaith; |
| | - | Na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart; |
| | - | Tuiscint mhaith ar shainréim teanga. |

**OU / NÓ**

**(b) Cárta Poist – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Déan neamhaird den leagan amach.

Tá tú ar thuras scoile sa Fhrainc. Scríobh **cárta poist** chuig do chara Frédéric / Isabelle agus abair ann:

C1 - Go bhfuil tú ar thuras scoile / sa Fhrainc.

C2 - Gur cheannaigh tú arán / i mbácús inné.

C3 - Go rachaidh tú ar cuairt chuig Versailles / an Domhnach seo chugainn.

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2 )**

1ú Catagóir - níl an teachtaireacht soiléir.

2ú Catagóir - an teachtaireacht soiléir.

**Teanga = 15 marc** - na catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**Roinn C – Dialann / Litir Fhoirmiúil**

**(a) Dialann – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Níl aon mharcanna ar fáil as an leagan amach.

Tá tú díreach ar ais ó cheolchoirm. Déan nóta faoi seo a leanas i do **dhialann**.

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Go raibh an cheolchoirm i Sasana / agus go raibh sí go hiontach. |
| C2 | - | Gur thaitin an t-atmaisféar / agus an ceol go mór leat. |
| C3 | - | Go bhfuil súil agat an grúpa a fheiceáil / i Luimneach an mhí seo chugainn. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2 )**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Catagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | - | an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 15 mharc** - catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**OU / NÓ**

**(b) Litir Fhoirmiúil – 30 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Barr an leathanaigh | - | 3 mharc (Ní gá an Fhrainc a bheith sa seoladh) |
| An Fhoirmle don Deireadh | - | 3 mharc |

**Cumarsáid = 12 mharc**

3 thasc @ 4 mharc an ceann.

Scríobh litir **fhoirmiúil** chuig Accor Hôtel, 27 quai Claude Bernard, 38000 Grenoble. Sa **litir**:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Abair go bhfuil sé ar intinn agat cuairt a thabhairt ar Grenoble / an fómhar seo chugainn. |
| C2 | - | Abair gur mhaith leat seomra a chur in áirithe / do bheirt. |
| C3 | - | Fiafraigh an bhfuil linn snámha / san óstán. |

**Is tusa Antaine Ó Ruairc / Áine Ní Ruairc, 3 Radharc na Coille, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 4 mharc a fháil (2 +2)**

**Cumarsáid = 12 mharc (4 x 3)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 1 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 2 | - | an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 12 mharc**

| | |
|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 4 |
| 2ú Catagóir | 5 - 8 |
| 3ú Catagóir | 9 - 12 |

## **Triail Chluastuisceana (100 marc)**

N.B. Ní gá d'iarrthóirí an fhoclaíocht dhíreach atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo a thabhairt. Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach as a bhfreagraí ach an bhrí cheart a thabhairt. Má thugtar freagra ceart agus freagra mícheart araon, bronn 0 marc.

**Roinn I – 20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (b) | 5 mharc |
| **2.** | (c) | 5 mharc |
| **3. (i)** | (a) | 5 mharc |
| **(ii)** | 18 (dtír) | 5 mharc |

**Roinn II – 20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Ar fheirm a uncail (in aice le Poitiers) | 5 mharc |
| | * I dteach a uncail / ar fheirm / in aice le Poitiers | 3 mharc |
| **2.** | (a) | 5 mharc |
| **3.** | Níl aon saoire / briseadh tógtha aige le 4 bliana | 5 mharc |
| | * Níl saoire / briseadh tógtha aige leis na blianta | 3 mharc |
| | * Níl saoire tógtha aige | 2 mharc |
| **4.** | (d) | 5 mharc |

**<u>Roinn III – 20 marc</u>**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (d) | 5 mharc |
| **2. (i)** | (c) | 5 mharc |
| **(ii)** | (Díreach) tar éis na Nollag | 5 mharc |
| | * An Nollaig | 3 mharc |
| **4.** | (a) | 5 mharc |

**<u>Roinn IV – 20 marc</u>**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (b) | 5 mharc |
| **2.** | (Tar éis) 10 mí | 5 mharc |
| **3.** | (c) | 5 mharc |
| **4.** | (a) | 5 mharc |

**<u>Roinn V – 20 marc</u>**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (b) | 5 mharc |
| **2. (i)** | Aerfort á thógáil / aerfort nua (in aice leis an mbaile) | 5 mharc |
| | * Aerfort | 3 mharc |
| | * Tógáil | 3 mharc |
| **(ii)** | (c) | 5 mharc |
| **3.** | (I) monarcha | 5 mharc |

# AGUISÍN 1

**Ceist C.  Expression Écrite**

**(b) Litir Fhoirmiúil:**

**Barr an Leathanaigh**

(a) Ainm agus seoladh an tseoltóra sa chúinne thuas ar chlé – an t-ainm ar an gcéad líne, uimhir agus sráid ar an dara líne, etc.

(b) Cathair / baile / sráidbhaile agus dáta (Baile Átha Luain, le 12 juin 2013) sa chúinne thuas ar dheis nó faoi.

(c) Díreach faoi (b) ainm (nó teideal) an "destinataire" agus a s(h)eoladh.

(d) Cuir "Irlande" isteach, glac le "Ireland"/ "Éire".

e.g. → Baile Átha Luain, le 12 juin 2013

Antaine Ó Ruairc / Áine Ní Ruairc,
3 Radharc na Coille,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí,
Éire / Irlande.

(Monsieur le Directeur,)
Accor Hôtel,
27 quai Claude Bernard,
38000 Grenoble,
(France.)

→ Baile Átha Luain, le 12 juin 2013

Monsieur / Madame,

[Tabhair ar aird: Glac le "Monsieur le Directeur" nó "Madame la Directrice" sa seoladh thuas]

**Barr an Leathanaigh / Foirmle don Deireadh**

| | | |
|---|---|---|
| 1 dearmad | - | déan neamhaird de. |
| 2 dhearmad | - | bain 1 mharc. |
| 3 dhearmad | - | bain 2 mharc. |

Níos mó ná 3 dhearmad – bronn 0.

Caith le haiceann mícheart amháin nó níos mó san fhoirmle don deireadh mar aon dearmad amháin.
**Deireadh foirmiúil riachtanach.**

**N.B.**
Má bhíonn an leagan amach ginearálta ceart ag an iarrthóir ar Bharr an Leathanaigh, ainneoin go leor dearmad – bronn **aon mharc amháin**.

**N.B.**
Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as sainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

# AGUISÍN 2

## Scéim Mharcála Mhionathraithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ghnáthleibhéil san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

**EXPRESSION ÉCRITE:**

**Roinn A**

**(a) Tástáil Cloze**
Ná gearr pionós as dearmaid litrithe (lena n-áirítear gan aiceann a bheith istigh / aicinn mhíchearta) nuair a athscríobhann iarrthóir an focal atá in easnamh.

**(b) Eolas a chur isteach ar fhoirm.**
Ceist 6 - 9: Marcáil mar cheithre thasc cumarsáide iad @ 5 mharc an ceann.

**Roinn B**

**(a) An Teachtaireacht**
An marc a bhronntar as an gcumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b) Cárta Poist**
An marc a bhronntar as an gcumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**Roinn C**

**(a) Dialann**
An marc a bhronntar as an gcumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b) Litir Fhoirmiúil**
An marc a bhronntar as an gcumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

Ná gearr pionós ach oiread as litriú mícheart ná as aicinn atá mícheart sa leagan amach ag barr na Litreach Foirmiúla agus san fhoirmle don deireadh.

## AGUISÍN 3

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla C*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- **Nuatheangacha – Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis & Iodáilis – Gnáthleibhéal Amháin**

**Iomlán: 320 Gnáthráta: 5%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

## **Réríomhaire le GRÁID a ríomh**

| Grád (320) | | Raon Marcanna |
|---|---|---|
| **A** | | 272 – 320 |
| **B** | | 224 – 271 |
| **C** | | 176 – 223 |
| **D** | | 128 – 175 |
| **E** | | 80 – 127 |
| **F** | | 32 – 79 |
| **N/G** | | 0 – 31 |